# Am Saor

*TEG B2: Aonad 4*

## SAN AONAD SEO

**Foghlaimeoidh tú conas:**

- Cur síos a dhéanamh ar rudaí a dhéanann tú i d'am saor;
- Plé a dhéanamh ar spóirt éagsúla;
- Fógra a scríobh maidir le cúrsaí só.

**Díreofar ar an mír seo gramadaí:**

- Inscne an ainmfhocail.

**Breathnófar ar an mír chultúrtha seo:**

- Canúint Uladh.





# A: SÚIL SIAR

- Céard iad na rudaí is mó is cuimhin leat ón aonad deireanach? Scríobh síos gach a bhfuil i do chloigeann gan féachaint siar ar na nótaí.
- Nuair a bheidh an méid sin déanta agat, déan plé ar na príomhghnéithe sin a gcuimhníonn tú orthu, in éineacht leis an duine atá in aice leat, agus breac síos aon rud a bhí fágtha amach agat.

**Eochairfhocail ó Aonad 3: Daoine Eile**

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# B: FOCLÓIR

1. Bí ag obair leis an duine atá in aice leat agus cuirigí na cineálacha spórt thíos sna boscaí cuí:

| Spóirt nua-aimseartha | Spóirt thraidisiúnta | Spóirt dhainséaracha |
|---|---|---|
| | | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Sciáil | Spéirthumadóireacht | Clársciáil | Iomramh |
| Cadhcáil | Peil | Paraisiútáil | Camógaíocht |
| Boghdóireacht | Iománaíocht | Seoltóireacht | Rothaíocht Sléibhe |
| Tonnmharcaíocht | Dreapadóireacht | Dornálaíocht | Tumadóireacht |

**2. Cuir 5 spórt eile, ar a laghad, leis an liosta 'spóirt nua-aimseartha' thuas.**

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad 

# C: CLUASTUISCINT

**Beidh tú ag éisteacht le fógra ar Raidió na Gaeltachta ar ball beag ach déan na cleachtaí seo thíos, in éineacht leis an duine atá in aice leat, sula n-éistfidh sibh leis an mír:**

| | **1. Pléigí na ceisteanna seo le chéile:** |
|---|---|
| a) | An mbíonn daoine sásta a admháil go dtéann fógraíocht i bhfeidhm orthu, dar libh? |
| b) | An cuimhin libh aon uair a cheannaigh sibh táirge tar éis daoibh an fógra a rinneadh lena aghaidh a fheiceáil nó a chloisteáil? |
| c) | An féidir le fógraíocht a bheith macánta? |
| d) | Cad is minice a bhíonn ar díol – táirge nó coincheap? Tóg fógra do ghluaisteán nua mar shampla – an é an carr a bhíonn á dhíol, nó íomhá nua don chustaiméir? |
| e) | An féidir a rá go bhfuil údar maith leis an méid airgid a chaitear ar fhógraí? |

2. **Pléigí na téarmaí seo a leanas agus scríobhaigí abairt ghearr a thugann léargas ar a bhfuil i gceist leo**:

| | **Téarma** | **Míniú** |
|---|---|---|
| **a)** | fógraíocht | |
| **b)** | fógra | |
| **c)** | blurba | |
| **d)** | branda | |
| **e)** | áibhéil | |
| **f)** | lógó | |
| **g)** | margaíocht | |
| **h)** | poiblíocht | |
| **i)** | póstaer | |
| **j)** | sos fógraíochta | |


© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

**3. Éistfidh tú anois leis an mhír seo fógraíochta ó Raidió na Gaeltachta faoi chomórtas le deireadh seachtaine saoire a bhuachan in óstán. Líon na bearnaí sa script thíos.**

Seo deis iontach do bheirt – deireadh seachtaine saoire a bhuachan in óstán 4 réalt an *Clarion Hotel* i ______________________. Tá an t-óstán galánta seo suite ar bhruach na Laoi, dhá nóiméad siúil ó na ceantair mhóra ______________________ agus siopadóireachta i gCathair Chorcaí. Cuirfear bricfeasta blasta ar fáil do na buaiteoirí ar an dá mhaidin san óstán chomh maith. Déan gáire i ______________________ bríomhar an óstáin, nó bí scafánta san ionad ______________________ nó lig do scíth i spá na ______________________agus an tsó. Sárchathair, óstán breá, saoire iontach, saor in aisce. Le saoire ______________________agus bricfeasta a bhuachan in óstán an *Clarion* i gCathair Chorcaí freagair an cheist seo a leanas:

Cé a bhuaigh ______________________na hÉireann sa pheil agus san iomáint sa bhliain ______________________ – Corcaigh nó Doire?

Seol do fhreagra, chomh maith le d'ainm, chuig 51553. Fógrófar buaiteoir an ________________________ ag deireadh an chláir inniu.

**4. Cúrsaí Só: Chuala tú faoi Óstán Clarion i gCathair Chorcaí sa chluastuiscint. Anois, déan iarracht creatlach fógra a chur le chéile don óstán céanna:**



© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# D: FEASACHT TEANGA

### Inscne an ainmfhocail

1. Féach ar na hathruithe tosaigh a dhéantar ar na hainmfhocail thíos nuair a chuirtear an t-alt rompu:

| Focail a thosaíonn le… | Firinscneach | Baininscneach |
|---|---|---|
| **consan** | An clár | An p**h**eil |
| **guta** | An **t-**óstán | An oíche |
| **s** | An samhradh | An **t**sráid |
| **d/t** | An turas | An díospóireacht |

2. Cuir **F** / **B** in aice leis na focail thíos agus cuir na hathruithe tosaigh cuí i bhfeidhm, tar éis an ailt, in éineacht leis an duine atá in aice leat:

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| (An + ceol)<br><br>**(F)**<br>**an ceol** | (An + farraige) | (An + cispheil) | (An + pictiúrlann) | (An + filíocht) | (An + cluiche) |
| (An + ardán sruthaithe) | (An + fón) | (An + foireann) | (An + podchraoladh) | (An + sraith) | (An + scannán) |
| (An + raidió) | (An + caitheamh aimsire) | (An + cóisir) | (An + fuirseoir) | (An + amharclann) | (An + dánlann) |
| (An + leabhar) | (An + Oireachtas) | (An + Gaeltacht) | (An + aclaíocht) | (An + comórtas) | (An + teanga) |
| (An + craic) | (An + seoltóireacht) | (An + iománaíocht) | (An + camógaíocht) | (An + sciáil) | (An + glaoch) |


© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# E: LÉAMHTHUISCINT

1. **Léitheoireacht**
   Tóg féin agus an duine atá le do thaobh sealanna ag léamh an tsleachta thíos (atá bunaithe ar alt a bhí ar www.tuairisc.ie).

**'Léirmheas ar an scannán *Point Break*'**





Nach mise a bhí sásta liom féin nuair a thairg NÓS an seans dom dul chuig roinnt réamhthaispeántais scannán, agus iad ag iarraidh orm léirmheas nó dhó a chur le chéile **fána gcoinne.**

Bím ag nochtadh mo chuid tuairimí ar bhonn laethúil mar atá – faoi scannáin, ceol, leabhair, cibé – ag cur ina luí ar dhaoine cé chomh heolach is atá mé ar an chultúr. Agus anois bheadh ardán agam do na tuairimí sin.

Beidh mé ionraic: bhí mé ag súil an tseachtain seo le ticéid fá choinne eipicí móra ó ghearrliosta na nOscar, nó scannán beag neamhspleách b'fhéidir. Ar an drochuair domsa, áfach, ní shuíonn *Point Break* i gceachtar den dá rannóg sin.

Is athdhéanamh *Point Break* ar scannán clúiteach den teideal chéanna, ó 1991, a insíonn scéal baill nua den FBI a théann faoi cheilt i measc grúpa surfálaithe a bhfuiltear amhrasach fúthu as **bancanna** a robáil. Le Keanu Reeves, Patrick Swayze agus Gary Busey mar phríomhaisteoirí, tá tarraingt ar leith ag an chéad cheann sin, a fhad is nach nglacann tú go ródháiríre é. Tá blas na 90idí go smior ann. Tá radhairc ann a chuireann i lár na surfála thú. Idir sin is uile, agus cúpla casadh éifeachtach sa scéal, is scannán sultmhar go leor é.

A mhalairt ar fad atá fíor faoin athdhéanamh. Cá háit le **toiseacht**? Thiocfadh liom labhairt ar feadh i bhfad ar an phlota, atá chomh lán le poill is atá an loighic atá in úsáid ag polaiteoirí móra ár linne, na laethanta seo. Nó, níos measa arís, thiocfadh liom labhairt ar an dialóg atá chomh briste áiféiseach sin nach gcreidfeá go dtiocfadh le duine fásta a bhfuil pearsantacht agus inchinn aige é a scríobh. Tá an líon focal atá ceadaithe agam don alt seo róbheag le bheith ábalta díriú ar **achan** laige. Mar shampla, bheinn in ann leathanach iomlán a scríobh ar ghruaig uafásach an phríomhaisteora, Luke Brace. Pointe beag, d'fhéadfá a rá, ach nuair atá scannán olc os do chomhair, tosaíonn achan uile rud ag cur isteach ort i ndiaidh tamaillín.


© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

Leanann muid Johnny Utah, iarlúthchleasaí spóirt ghuaisbheartaíochta, atá tar éis a sheansaol a fhágáil ina dhiaidh agus a iompú ina ghníomhaire FBI. Tá grúpa de shárlúthchleasaithe ag goid airgid agus seodra, is ag úsáid a gcuid scileanna ar leith le héalú ó fhórsaí an dlí; ní fada go dtéann Utah sa tóir orthu.

Gan mhoill, foghlaimíonn muid go bhfuil an grúpa sin ag tabhairt faoi na heachtraí sin ar fad ar mhaithe le 'nirvana' spioradálta éigin a bhaint amach. Is téama mór é sin sa scannán: nasc spioradálta a chruthú leis an nádúr trí éachtaí spórt guaisbheartaíochta a chur i gcrích. Thiocfadh dó go mbeadh poitéinseal ina leithéid de théama, ach cuirtear faoi chaibidil é ar dhóigh pháistiúil, gan chiall, i *Point Break*.

Níl leanúnachas ar bith sa phlota – ní féidir é **a chreidbheáil**, ar leibhéal ar bith. Ní raibh a fhios ag an stiúrthóir, Ericson Core, cé acu bhí sé ag iarraidh scannán faoi ghníomhaire FBI a dhéanamh, nó scannán faoin nasc idir an corp daonna agus an domhan nádúrtha. Sa deireadh, theip air sa dá iarracht. Bhí an stiúrthóir seo falsa, agus is iad an lucht féachana atá thíos leis sin.

Ní fhéadfainn críochnú gan trácht a dhéanamh ar na mná sa scannán. Áilleagáin atá iontu, iad caite isteach anseo is ansiúd ar mhaithe leis na céadfaí a ghriogadh.

Is cúis éadóchais go bhfuil ráchairt fós ar a leithéid de léiriúchán aontoiseach maslach sa lá atá inniu ann. Ná bacaigí le *Point Break*. Creidigí mé nuair a deirim nár cheart do chuid airgid ná do chuid ama a chur amú.

1. Cén sórt scannáin a raibh an t-údar ag súil leis?

2. Scríobh achoimre ar phlota '*Point Break*', i d'fhocal féin.

3. Cén locht a bhí ag an údar air?

4. Céard é téama an scannáin?



© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

5. Céard é an scannán is measa atá feicthe agat féin?

6. An mbíonn aon deis agat surfáil a dhéanamh i do cheantar féin? Mura mbíonn, an dtaitneodh a leithéid leat?

7. An bhfuil mórán áiseanna aclaíochta i do cheantar? An bhfuil aon áis ba mhaith leat a fheiceáil ann?

8. Scríobh leagan caighdeánach/coitianta na bhfocal canúnach a thugtar thíos:

| | Canúint | Caighdeán |
|---|---|---|
| a) | fána gcoinne | |
| b) | bancanna | |
| c) | toiseacht | |
| d) | achan | |
| e) | a chreidbheáil | |

9. Cén chanúint lena mbaineann an t-alt seo? Pléigh an cheist seo leis an duine atá in aice leat.

| Canúint: | |
|---|---|


© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# F: CUMARSÁID

## 1. Díospóireacht

Beidh tú féin agus na daoine eile atá i do ghrúpa ag glacadh páirte i ndíospóireacht ar ball – inseoidh an teagascóir daoibh an in éadan nó i bhfabhar an rúin a bheidh sibh. Caith tamall anois le do ghrúpa ag cur pointí le chéile agus ag bailiú stór focal a chabhróidh libh bhur seasamh sa díospóireacht a chur in iúl.

**An Rún:**
**"Tugann an spórt a imríonn duine léargas ar a stádas sóisialta"**

| Smaointe **i bhfabhar** an rúin | Smaointe **i gcoinne** an rúin |
|---|---|
| | |

**Frásaí úsáideacha**

- Creidim / ceapaim/measaim… go bhfuil/nach bhfuil
- Is dóigh liom/ní dóigh liom…
- Ní aontaím leis sin ar chor ar bith.
- Ní féidir leat é sin a rá.
- Easaontaím amach is amach leis sin.
- Caithfidh mé a rá. . .
- Tá mé go láidir den tuairim gur. . .
- Seafóid ghlan!
- A leithéid de sheafóid, níor chuala mé riamh!
- Tagaim leis an méid sin.
- Táim idir dhá chomhairle, caithfidh mé a rá.


© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

## 2. Caint agus Comhrá

Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine eile atá i do ghrúpa:

**a)** Cad a dhéanann tú féin i d'am saor? An mbíonn do dhóthain am saor agat, dar leat?

**b)** An duine aclaí thú? An imríonn tú aon spórt? An bhfuil tú go maith ag aon spórt faoi leith?

**c)** Ar cheart do gach éinne spórt amháin a imirt, ar a laghad?

**d)** Cad a cheapann tú faoin tseoltóireacht mar chaitheamh aimsire? Dainséarach? Róchostasach?

**e)** Dá mbeifeá i do chónaí thar lear, an mbeadh caitheamh aimsire difriúil agat?

**f)** An gcabhraíonn an taithí a fhaigheann siad i saol an spóirt le daoine sa láthair oibre — an mbíonn siad in ann oibriú níos fearr mar chuid d'fhoireann, mar shampla?

**g)** An bhfuil baint rómhór ag tuismitheoirí le rannpháirtíocht a gcuid leanaí sa spórt sa lá atá inniu ann?

**h)** Cén spórt is tábhachtaí ar domhan, dar leat?

**i)** Cén spórt is costasaí?

**j)** Cén spórt is dainséaraí?

**k)** Cén spórt a bhfuil an rath is mó air sa tír seo?

**l)** Ar cheart cosc a chur ar gheallta ar imeachtaí spóirt?

**m)** Cén tábhacht a bhaineann leis na Cluichí Oilimpeacha, dar leat?


© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# G: MACHNAMH

## 1. Seicliosta agus Ceisteanna atá agam go fóill

| San aonad seo, d’fhoghlaim mé: | | 😊 | 😐 | ☹️ |
|---|---|---|---|---|
| 1. | | | | |
| 2. | | | | |
| 3. | | | | |
| 4. | | | | |
| 5. | | | | |
| 6. | | | | |
| 7. | | | | |
| 8. | | | | |

| Ceist(eanna) atá agam go fóill: |
|---|
| |



© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

**2. Líon isteach roinnt de na heochairfhocail nua/úsáideacha a d’fhoghlaim tú san aonad seo:**

| | Gaeilge | Béarla | | Gaeilge | Béarla |
|---|---|---|---|---|---|
| 1. | | | 16. | | |
| 2. | | | 17. | | |
| 3. | | | 18. | | |
| 4. | | | 19. | | |
| 5. | | | 20. | | |
| 6. | | | 21. | | |
| 7. | | | 22. | | |
| 8. | | | 23. | | |
| 9. | | | 24. | | |
| 10. | | | 25. | | |
| 11. | | | 26. | | |
| 12. | | | 27. | | |
| 13. | | | 28. | | |
| 14. | | | 29. | | |
| 15. | | | 30. | | |


© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# AN SCRIPT

## Gheobhaidh tú an chluastuiscint anseo

**Foinse:** RnaG
**Clár:** Fógraí/Glór Anoir
**Dáta:** 18 Bealtaine 2009
**Intreoir:** Fógra faoin *Clarion Hotel*

Seo deis iontach do bheirt – deireadh seachtaine saoire a bhuachan in óstán 4 réalt *an Clarion Hotel* i gCathair Chorcaí. Tá an t-óstán galánta seo suite ar bhruach na Laoi, dhá nóiméad siúil ó na ceantair mhóra shiamsaíochta agus siopadóireachta i gCathair Chorcaí. Cuirfear bricfeasta blasta ar fáil do na buaiteoirí ar an dá mhaidin san óstán chomh maith. Déan gáire i dtigh tábhairne bríomhar an óstáin, nó bí scafánta san ionad aclaíochta nó lig do scíth i spá na sláinte agus an tsó (*na só* a deirtear). Sárchathair, óstán breá, saoire iontach, saor in aisce. Le saoire dhá oíche agus bricfeasta a bhuachan in óstán an *Clarion* i gCathair Chorcaí freagair an cheist seo a leanas:

Cé a bhuaigh cluichí ceannais na hÉireann sa pheil agus san iomáint sa bhliain 1990 – Corcaigh nó Doire?

Seol do fhreagra, chomh maith le d'ainm, chuig 51553. Fógrófar buaiteoir an chomórtais ag deireadh an chláir inniu.


© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# FREAGRAÍ

## B: FOCLÓIR

**1.**

| Spóirt nua-aimseartha | Spóirt thraidisiúnta | Spóirt dhainséaracha |
|---|---|---|
| Cadhcáil<br>Sciáil<br>Clársciáil<br>Rothaíocht Sléibhe<br><br>Cinn eile:<br>Clárscátáil... | Iomramh<br>Peil<br>Iománaíocht<br>Camógaíocht | Dornálaíocht<br>Boghdóireacht<br>Tonnmharcaíocht<br>Spéirthumadóireacht<br>Paraisiútáil<br>Seoltóireacht<br>Dreapadóireacht<br>Tumadóireacht |

## C: CLUASTUISCINT

**2.**

| | Téarma | Míniú |
|---|---|---|
| a) | fógraíocht | an tslí le haird a tharraingt ar tháirge nó ar ghnó trí fhógraí a chur sna meáin. |
| b) | fógra | eolas a bhíonn ar phóstaer nó sna meáin chun aird a tharraingt ar tháirge nó ar ghnó. |
| c) | blurba | fógra gairid ar chlúdach leabhair, mar shampla |
| d) | branda | trádmharc nó ainm a thugann le fios cad é an tairge nó an gnó. |
| e) | áibhéil | *(exaggeration / hype)* cleas fógraíochta |
| f) | lógó | ainm, siombail nó trádmharc a chruthaítear le gur féidir táirge a aithint go tapa. |
| g) | margaíocht | an próiseas a bhaineann le fógraíocht a dhéanamh ar tháirgí lena ndíol ar an margadh. |
| h) | poiblíocht | an gníomh a bhaineann le heolas a sholáthar go poiblí chun aird an phobail a mhealladh. |
| i) | póstaer | fógra mór priontáilte chun rud a fhógairt. |
| j) | sos fógraíochta | sos a bhíonn le linn cláir nó idir cláir chun fógraíocht a dhéanamh. |

**3.**

Seo deis iontach do bheirt – deireadh seachtaine saoire a bhuachan in óstán 4 réalt *an Clarion Hotel* i **gCathair Chorcaí**. Tá an t-óstán galánta seo suite ar bhruach na Laoi, dhá nóiméad siúil ó na ceantair mhóra **shiamsaíochta** agus siopadóireachta i gCathair Chorcaí. Cuirfear bricfeasta blasta ar fáil do na buaiteoirí ar an dá mhaidin san óstán chomh maith. Déan gáire i **dtigh tábhairne** bríomhar an óstáin, nó bí scafánta san ionad **aclaíochta** nó lig do scíth i spá na **sláinte** agus an tsó (*na só* a deirtear). Sárchathair, óstán breá, saoire iontach, saor in aisce. Le saoire **dhá oíche** agus bricfeasta a bhuachan in óstán an *Clarion* i gCathair Chorcaí freagair an cheist seo a leanas:
Cé a bhuaigh **cluichí ceannais** na hÉireann sa pheil agus san iomáint sa bhliain **1990** – Corcaigh nó Doire?
Seol do fhreagra, chomh maith le d'ainm, chuig 51553. Fógrófar buaiteoir an **chomórtais** ag deireadh an chláir inniu.


© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

## D: FEASACHT TEANGA

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| (F) an ceol | (B) an f**h**arraige | (B) an c**h**ispheil | (B) an p**h**ictiúrlann | (B) an f**h**ilíocht | (F) an cluiche |
| (F) an **t-**ardán sruthaithe | (F) an fón | (B) an f**h**oireann | (F) an podchraoladh | (B) an **t**sraith | (F) an scannán |
| (F) an raidió | (F) an caitheamh aimsire | (B) an c**h**óisir | (F) an fuirseoir | (B) an amharclann | (B) an dánlann |
| (F) an leabhar | (F) an **t**Oireachtas | (B) an G**h**aeltacht | (B) an aclaíocht | (F) an comórtas | (B) an teanga |
| (B) an c**h**raic | (B) an **t**seoltóireacht | (B) an iománaíocht | (B) an c**h**amógaíocht | (B) an sciáil | (F) an glaoch |

## E: LÉAMHTHUISCINT

1. Bhí an t-údar ag súil le heipicí móra ó ghearrliosta na nOscar, nó scannán beag neamhspleách.
2. Nochtann an scannán seo scéal faoi bhall foirne nua de chuid an FBI. Tá air ligean air gur surfálaí atá ann le go mbeidh sé in ann dul faoi choim i measc na surfálaithe a cheaptar a ghoid ó bhancanna.
3. Bhí an plota lán le poill agus bhí an dialóg briste agus áiféiseach.
4. Nasc spioradálta a chruthú leis an nádúr trí éachtaí spóirt ghuaisbheartaíochta a chur i gcrích.

**8.**

| | Canúint: | Caighdeán: |
|---|---|---|
| a) | fána gcoinne | **faoina gcoinne / lena n-aghaidh** |
| b) | bancanna | **bainc** |
| c) | toiseacht | **tosú** |
| d) | achan | **gach** |
| e) | a chreidbheáil | **a chreidiúint** |

**9.**

| | |
|---|---|
| Canúint: | **Uladh** |


© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad